



Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA, 2003
SCÉIM TEANGA
2018

Clár na nÁbhar

1: Réamhrá agus Cúlra	3
1.1 Réamhrá.....	3
1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime	3
1.3 Dáta tosaithe na Scéime	3
2: Léargas Ginearálta ar Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	4
2.1 Misean agus Cuspóir	4
2.2 Príomhfheidhmeanna	4
2.3 Príomhsheirbhísí	4
2.4 Custaiméirí agus Cliaint.....	4
3: Sonraí maidir leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil faoi láthair i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin nó go dátheangach	5
4: Soláthar Seirbhísí Gaeilge a Fheabhsú	6
5: Cumas sa Teanga a Fheabhsú	7
5.1 Earcaíocht	7
5.2 Oiliúint agus Forbairt	7
5.3 An Cumas sa Ghaeilge a Fheabhsú	7
6: Monatóireacht agus Athbhreithniú ar an Scéim.....	8
7: An Scéim Chomhaontaithe a Fhoilsiú	8

1: Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Déantar foráil in Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim teanga ina leagfar amach cur chuige na hOifige i leith a ndualgais a chomhlíonadh maidir leis an nGaeilge.

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Agus an scéim seo á hullmhú tugadh aird chuí ar na Treoirínte arna n-eisiúint ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ina theannta sin foilsíodh fógra faoi Alt 13 den Acht le haighneachtaí a lorg ó pháirtithe leasmhara.

Beidh Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste teoraithe ag an bprionsabal gur chóir do sholáthar seirbhísí Gaeilge a bheith bunaithe:

- ar an mbunleibhéal éilimh ar sheirbhísí ar leith trí mheán na Gaeilge,
- ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i leith seirbhísí den sórt sin a sholáthar, agus
- ar na hacmhainní, acmhainní daonna agus airgeadais san áireamh, agus ar an gcumas atá ag an gcomhlacht ábhartha leis an gcumas teanga is gá a fhorbairt nó rochtain a fháil air.

Tá an scéim seo ag teacht le prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus ár gCairte Custaiméirí. Ullmhaíodh í d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfaidh Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste go hiomlán na ceanglais ábhartha uile faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla ar bhonn incriminteach, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna eile amach anseo.

Glactar leis sa scéim seo gur cuireadh i bhfeidhm gach gealltanas a tugadh sa scéim a tháinig roimpi. Sa chás nach bhfuil gealltanais a tugadh i scéimeanna roimhe seo curtha i bhfeidhm go hiomlán go fóill, déanfar an t-ábhar sin a phlé le hOifig an Choimisinéara Teanga.

1.3 Dáta tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo daingnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Beidh éifeacht aici ó 19 Márta 2018 agus leanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana nó go dtí go mbeidh scéim eile daingnithe, cibé acu is déanaí.

2: Léargas Ginearálta ar Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

2.1 Misean agus Cuspóir

Is é an tUachtarán a cheapann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (dá ngairtear ‘an tArd-Reachtair’ anseo ina dhiaidh seo), arna ainmniú sin ag Dáil Éireann. Is faoi Airteagal 33 den Bhunreacht a shealbhaíonn an tArd-Reachtair oifig.

Tá an tArd-Reachtair freagrach as na cuntais phoiblí a iniúchadh, as scrúduithe a dhéanamh ar bhainistiú agus ar úsáid acmhainní poiblí agus as tuairisc a thabhairt ar thorthaí na hoibre do Dháil Éireann.

I dtaca leis sin de, is é misean an Ard-Reachtair dearbhú neamhspleách a thabhairt go n-úsáidtear cistí agus acmhainní poiblí de réir an dlí, go mbainistítear go ceart iad agus go dtugtar cúiseanna cearta ina leith, mar aon le rannchuidiú le riarachán poiblí a fheabhsú.

2.2 Príomhfheidhmeanna

Éilítear ar an Ard-Reachtair de réir an dlí

- tuairimí a eisiúint ar chuntais ranna rialtais agus comhlachtaí poiblí a ndéanann sé iniúchadh orthu
- tuairiscí a fhoilsiú ar ábhair thábhachtacha, arna roghnú dá rogha féin, a bhaineann le luach ar airgead agus le riar cistí poiblí
- údarás a thabhairt, faoina fheidhm mar an tArd-Reachtair Ciste, airgead poiblí a scaoileadh chun críocha a shonraítear le dlí.

Tugann an Oifig cúnamh don Ard-Reachtair a chuid feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh agus is státseirbhísigh atá ag obair inti.

Tá foireann bainistíochta na hOifige i gceannas ar chur i ngníomh agus bainistiú na gcóras, na bpróiseas agus na n-íompraíochtaí is gá le dea-rialachas corparáideach a chur chun cinn ar fud na heagraíochta ionas go n-oibreoidh foireann uile na hOifige as lámha a chéile mar fhoireann ardfheidhmíochta.

2.3 Príomhsheirbhísí

Stiúránn triúr Stiúrthóirí Iniúcháireachta obair na hOifige. Tá gach duine acu i gceannas ar a stiúrthóireacht féin, a thugann faoi obair ar iniúchtaí agus tuarascálacha. Tacaíonn an Rannán Seirbhísí Corparáideacha leis an bpríomhobair seo. Is é Rúnaí na hOifige, arb é Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige freisin é, Ceannasaí an Rannáin Seirbhísí Corparáideacha.

2.4 Custaiméirí agus Cliaint

Ní thagann aon réimse den Oifig i dteagmháil leis an bpobal i gcoitinne chomh minic sin. Is leis na comhlachtaí poiblí a ndéanann sí iniúchadh orthu a bhíonn an Oifig ag plé go ginearálta agus ní leis an bpobal i gcoitinne. Nuair is féidir, leithdháilfead baill foirne atá inniúil ar ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge le tabhairt faoi iniúchtaí agus scrúduithe ar chomhlachtaí poiblí arb í an Ghaeilge a dteanga oibre.

3: Sonraí maidir leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil faoi láthair i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin nó go dátheangach

Is é an Béarla gnáth-theanga oibre Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Mar sin féin, cuireann an Oifig seirbhísí ar fáil go dátheangach leis na ceanglais atá uirthi faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a chomhlíonadh. Seo a leanas liosta de na seirbhísí a chuireann an Oifig ar fáil, mar aon le heolas ar cibé acu atá nó nach bhfuil siad ar fáil sa teanga ábhartha:

Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil feidhmíochta (*dátheangach*)

Ráiteas straitéise (*dátheangach*)

Láithreán gréasáin na hOifige (*dátheangach*)

Tuairiscí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí (*dátheangach*)

Cuntais Leithreasa (*dátheangach*)

Tuairiscí Speisialta (*go dátheangach nuair a dhéanann an comhlacht a bhfuil scrúdú á dhéanamh air a chuid gnó trí mheán na Gaeilge*)

4: Soláthar Seirbhísí Gaeilge a Fheabhsú

Comhlíonann an Oifig na ceanglais seo a leanas a leagtar síos in Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

Cumarsáid i Scríbhinn

Litreacha agus ríomhphost

Freagrófar gach teachtaireacht chumarsáide sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í.

Stáiseanóireacht

Is dátheangach a bheidh na ceannteidil ar stáiseanóireacht, lena n-áirítear páipéar litreach.

Comharthaí

Gach comhartha a chrochfaidh Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste nó a chrochfar thar a ceann, beidh sé i nGaeilge nó dátheangach, de réir an rialacháin (U.R. Uimh. 391/2008).

Foilseacháin

Foilseofar cáipéisí go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla, lena n-áirítear cuntais leithreasa bhliantúla, faisnéis chorparáideach agus ráitis straitéise na hOifige.

Bileoga eolais, ar nós paimfléid earcaíochta agus fógraí, cuirfear ar fáil go dátheangach iad.

Déanfaidh Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste na bearta seo a leanas freisin i ndáil le gach seirbhís.

An Chéad Phointe Teagmhála

Is iondúil gurb ag an deasc fáiltithe a thagann daoine den phobal i dteagmháil leis an Oifig den chéad uair. Beidh foireann na deisce fáiltithe eolach ar bheannachtaí bunúsacha i nGaeilge. Déanfar amach rogha teanga an chustaiméara agus cuirfear ar aghaidh chuig an oifigeach cuí é. Mura mbeidh fáil ar oifigeach cuí a bhfuil Gaeilge aige, cuirfear na roghanna seo a leanas ar fáil:

- teacht ar ais nuair a bheidh fáil ar oifigeach cuí a bhfuil Gaeilge aige
- gnó a dhéanamh trí bhall foirne eile a chuirfidh seirbhís ateangaireachta ar fáil, nó
- leanúint ar aghaidh trí Bhéarla.

Na Meáin

Is i nGaeilge nó go dátheangach a fhoilseofar preaseisiúintí maidir le hiniúchtaí nó ráitis de chuid Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste a bhaineann le comhlachtaí a dhéanann a gcuid gnó trí Ghaeilge nó go dátheangach.

Teicneolaíocht Faisnéise

Foilseoimid ar an láithreán gréasáin oifigiúil seoladh r-phoist ar leith a bhféadfar ceisteanna i nGaeilge a chur chuige. Is dátheangach a bheidh teachtaireachtaí caighdeánacha r-phoist, amhail sleachta séanta.

Tá inneachar HTML ár láithreáin gréasáin le fáil i nGaeilge agus Béarla araon. Foilseofar gach tuarascáil de chuid an Ard-Reachtair ar an láithreán gréasáin de réir an bheartais foilseacháin a bhfuil breac-chuntas tugtha air thuas. Tá an láithreán gréasáin le fáil ag an seoladh seo a leanas: www.audgen.gov.ie

5: Cumas sa Teanga a Fheabhsú

5.1 Earcaíocht

Ár mbeartas earcaíochta, atá faoi réir chreat na nósanna imeachta comhaontaithe náisiúnta um earcaíocht, tabharfaidh sé aird ar an ngá leis an gcumas sa Ghaeilge a fheabhsú ar bhonn incriminteach.

Tabharfar pacáiste ionduchtúcháin, a mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe ann, do gach ball foirne nua lena chinntiú go mbeidh sé ar an eolas faoi na gealltanais atá tugtha againn i leith na reachtaíochta.

5.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste tiomanta do dheiseanna a tabhairt do bhaill foirne freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, a mhéid a bheidh na hacmhainní ann chuige sin. Cuirfear an fhoireann ar fad ar an eolas faoi na saoráidí/deiseanna atá ar fáil dóibh le cabhrú leo a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú.

Déanfaidh an Oifig bearta lena chinntiú go dtuigeann an fhoireann éirim an Achta i gceart, go dtuigeann na ceanglais dlí atá i gceist leis láithreach bonn agus an gealltanais le seirbhís, a bhreiseofar de réir a chéile, a sheachadadh agus breathnú ar an tseirbhís sin mar dhlúthchuid den ghealltanais le seirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil do chustaiméirí. Spreagfaidh an Oifig an fhoireann le leas a bhaint as an inniúlacht atá acu cheana féin. Cuirfidh an Oifig oiliúint ar an bhfoireann agus tacóidh leo ionas go bhféadfar an inniúlacht atá ann cheana féin a fheabhsú agus soláthróidh an Oifig na tacaí cuí a bheidh ag teastáil ó thaobh cúrsaí riaracháin de lena chinntiú go bhféadfar na caighdeáin/bearta aitheanta a chomhlíonadh. Spreagfar baill foirne, ar éirigh leo i dtríail inniúlachta Ghaeilge na státseirbhíse, leis na scileanna atá acu cheana féin a úsáid agus a mhéadú ó dháta tosaithe na Scéime.

Lorgófar daoine ar fud na hOifige le páirt a ghlacadh i soláthar na seirbhíse.

Forbrófar inniúlacht na foirne trí chúrsaí oiliúna teanga. Leanfar de na baill foirne a spreagadh le freastal ar chúrsaí oiliúna teanga laistigh nó lasmuigh de na huaireanta oifige.

Aithneofar riachtanais oiliúna i gcúrsa an Chórais Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta agus cuirfidh an tAonad Oiliúna na riachtanais sin san áireamh i gclár oiliúna aonair agus ghinearálta de réir mar is cuí.

Forbrófar teimpléid Ghaeilge de litreacha/de cháipéisí a úsáidtear go minic d'fhonn baill foirne a spreagadh le páirt a ghlacadh i seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge. Cuirfear acmhainní ar nós www.tearma.ie agus www.focloir.ie ar a súile don fhoireann

5.3 An Cumas sa Ghaeilge a Fheabhsú

Ag féachaint do bheartas an Rialtais ar son seirbhísí feabhsaithe a sholáthar i nGaeilge, déanfaidh an Oifig sainaitheint, faoi dheireadh na tréimhse a mbaineann an scéim léi, ar aon phoist a bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge ina riachtanas tábhachtach dóibh.

Déanfar tréaniarracht na ceanglais seo a chomhlíonadh faoi dheireadh na scéime seo, ag féachaint do bheartais earcaíochta, ardaithe céime agus oiliúna, de réir mar is cuí. Cuirfidh sé sin ar chumas na hOifige an feabhas incriminteach ar sheirbhísí i nGaeilge a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta ar bhealach níos straitéisí.

6: Monatóireacht agus Athbhreithniú ar an Scéim

Déanfaidh Bord Iníúcháireachta na hOifige monatóireacht agus athbhreithniú ar fhorfheidhmiú na scéime ar bhonn rialta. Beidh an mhonatóireacht sin bunaithe ar thuiriscí ar dhul chun cinn, a sholáthróidh an Rannán Seirbhísí Corparáideacha.

Is iad na hIníúcháirí Sinsearacha a bheidh freagrach as an Scéim a fheidhmiú ar bhonn laethúil, chomh maith le monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar leibhéal an éilimh ar sheirbhísí i nGaeilge. Tuairisceoidh na hIníúcháirí sin dá Leas-Stiúrthóir.

Déanfar athbhreithniú ar an Scéim go leanúnach, mar aon le monatóireacht ar líon na n-uaireanta a iarrtar seirbhís i nGaeilge.

7: An Scéim Chomhaontaithe a Fhoilsiú

Déanfar an scéim seo a phoibliú go hinmheánach agus go seachtrach araon. Cuirfear an scéim ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ar ár láithreán gréasáin agus scaipfear i measc na mball foirne agus na ngníomhaireachtaí cuí ar fad í. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí an scéim a phoiblí ar bhealaí eile freisin.

Ina theannta sin, tapóimid gach deis agus muid ag déileáil le cliaint ó lá go lá leis na seirbhísí a sholáthraímid i nGaeilge a chur chun cinn ar na bealaí seo a leanas:

- an Scéim féin agus tuairiscí chun dáta ar chur i bhfeidhm na ngealltanais i ndáil le seirbhísí ar leith a fhoilsiú ar an láithreán gréasáin, agus tuairisc chun dáta a thabhairt orthu i dtuarascáil feidhmíochta bhliantúil na hOifige;
- a chur in iúl do chliaint go díreach réamhghníomhach gur féidir leo a gcuid gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge;
- an Ghaeilge agus an Béarla a bheith ar comhchéim lena chéile ó thaobh tábhachta de i bhfoilseacháin.

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe faoi bhráid an Choimisinéara Teanga.